

6-i-1 vacsaín

Bileog eolais don Tuismitheoir

Cad é an vacsaín 6-i-1?

Tugann an vacsaín 6 - 1 cosaint dod' leanbh i gcoinne sé ghalar: diftéire, heipitíteas B, Haemophilus influenzae cineál b (Hib), triuch, polaimiailíteas agus teiteanas.

Cad iad na galair seo?

Ionfhabhtú baictéarach is ea Diftéire a d'fhéadfadh cumhdach tiubh sa tsrón, scornach nó aerbhealaí a bheith mar thoradh air.

Comharthaí: scornach thinn, fiabhras, tinneas cinn agus ráta croí tapa.

Deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air: D'fhéadfadh fadhbanna troma anáilthe, cliseadh croí nó pairilis.

Ionfhabhtú víreasach is ea Heipitíteas B a théann i bhfeidhm ar an ae agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le h-ionfhabhtú ar feadh an tsaoil.

Deacrachtaí féideartha: ciorróis, ailse nó teip ae.

Ionfhabhtú baictéarach is ea Hib a d'fhéadfadh meiningíteas (athlasadh na líneála timpeall ar an inchinn), seipticéime (nimhiú fola), eipeaglotas (at sa scornach), agus ionfhabhtuithe cluaise a bheith mar thoradh air.

Comharthaí: fiabhras, urlacan, tinneas cinn agus muineál righin.

Ionfhabhtú baictéarach is ea an Triuch a mbíonn casacht ghreannach mar thoradh air agus a éiríonn níos measa de réir a chéile.

D'fhéadfadh torann aitheanta ar a dtugtar triuchail a bheith ag dul leis.

Comharthaí: casacht agus urlacan,

Deacrachtaí féideartha: deacrachtaí troma anáilthe, niúmóine, taomanna agus damáiste inchinne.

Ionfhabhtú víreasach is ea Polaimiailítis a théann i bhfeidhm ar an néarchóras agus a d'fhéadfadh pairilis a bheith mar thoradh air.

Galar é Teiteanas (glas fiacla) a mbíonn freangaí matán pianmhara, trithí agus deacrachtaí anáilthe mar thoradh air. D'fhéadfadh an galar seo a bheith marfach.

Galair thromchúiseacha iad na galair thuasluaite ar fad agus d'fhéadfadh an bás a bheith mar thoradh orthu. Ina chúis le bás

Cé ba chóir a vacsaíniú le 6-i-1?

Tugtar an vacsaín 6-i-1 do leanaí ag 2, 4 agus 6 mhí d'aois. Ba chóir duit do leanbh a thabhairt chuig do dhochtúir teaghlaigh (DG) chun an vacsaín a fháil saor in aisce.

An bhfuil sé sábháilte níos mó ná vacsaín amháin a fháil ag an am céanna?

Tá sé sábháilte. Tugtar na vacsaíní ag an am ceart chun an chosaint is fearr a thabhairt dod' leanbh.

Cad leis a mbeidh mé ag súil i ndiaidh na vacsaíne?

I gcás roinnt leanaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh mí-chompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh.

D'fhéadfadh cantal agus fiabhras a bheith orthu. Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein naíonán a thabhairt dóibh.

Freisin, ba chóir duit neart a thabhairt dóibh le n-ól. Déan cinnte nach bhfuil siad ró-the agus nach bhfuil a gcuid éadaí ag cuimilt i gcoinne na háite ar tugadh an t-instealladh.

Cé nár chóir dóibh an vacsaín 6-i-1 a fháil?

Tá an vacsaín 6-i-1 sábháilte d'fhormhór na ndaoine. Mar sin féin, níor chóir do leanbh an vacsaín a fháil sa chás go raibh fíor-fhrithghníomh ailléirgeach (anaifíolacsas) i gcoinne dáileoige roimhe sin nó i gcoinne aon chuid den vacsaín.

Má tá tú buartha faoi do leanbh, glaoigh ar do dhochtúir teaghlaigh láithreach.

Chun tuilleadh eolais a fháil:

- Déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó d'altra sláinte poiblí
- Faigh cóip de "Imdhíontaí do Pháiste - Treoir do Thuismitheoirí" atá ar fáil ó d'altra sláinte poiblí.